



*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

2022/0400(COD)

6.7.2023

*****I**

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE (COM(2022)0688 – C9-0409/2022 – 2022/0400(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Comhrapóirtéirí: Marc Angel, Sirpa Pietikäinen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le **cló trom iodálach** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le **cló trom iodálach** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le **cló trom iodálach** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le **cló trom iodálach**. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le **cló trom iodálach** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

| | |
|---|----|
| DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA | 5 |
| RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN | 52 |

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scríostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE
(COM(2022)0688 – C9-0409/2022 – 2022/0400(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0688),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0409/2022),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na hIodáile agus Seanad na Seice, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0000/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2a) Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais') nach féidir raon feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná a theorannú d'idirdealú ar an mbonn gur de ghnéas amháin nó de ghnéas eile atá duine. I bhfianaise chuspóir an phrionsabail agus chineál na gceart a bhféachtar lena gcosaint, beidh feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir le hidirdhealú a eascraíonn as athshannadh inscne duine.

Or. en

Leasú 2

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2b) Is féidir le daoine an tríú inscne a chlárú go dlíthiúil i roinnt Ballstát faoi láthair, agus is minic gur inscne neodrach a bhíonn i gceist. Ní dhéantar difear leis an Treoir seo do na rialacha náisiúnta ábhartha lena dtugtar éifeacht d'aitheantas mar sin.

Or. en

Leasú 3

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2c) Le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), toirmisctear aon idirdhealú,

inter alia, ar bhonn gnéis. Foráiltear le hAirteagal 23 den Chairt nach mór comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Is é an cuspóir leis an Treoir seo íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoracha 2006/54/CE⁵⁸ agus 2010/41/AE⁵⁹ a neartú.

⁵⁸ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO L 204, 26.7.2006, *Igh.* 23).

⁵⁹ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, *Igh.* 1).

Leasú

(3) Is é an cuspóir leis an Treoir seo íoscheanglais a leagan síos maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a **n-inniúlachtaí, a** neamhspleáchas **agus a n-uathriail a** ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó Threoracha 2006/54/CE⁵⁸ agus 2010/41/AE⁵⁹ a neartú.

58 Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (IO L 204, 26.7.2006, *Ich.* 23).

⁵⁹ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, *Ich.* 1).

Or. en

Togra le haghaidh treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) Ceanglaítear le **Treoir 2006/54/CE** agus le **Treoir 2010/41/AE** ar na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn, lena n-áirítear anailís, faireachán agus tacaíocht maidir le cóir chomhionann do gach duine gan idirdhealú ar na forais a chumhdaítear faoi na Treoracha faoi seach (dá ngairtear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta). Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin cúnamh neamhspleách a **sholáthar** d’íospartaigh, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon **cheist** a bhaineann le hidirdhealú **dá leithéid**. Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú freisin go n-áireofar ar shainchúraimí na gcomhlachtaí sin faisnéis a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha, amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

Leasú

(6) Ceanglaítear le **Treoir 2006/54/CE** agus le **Treoir 2010/41/AE** ar na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a ainmniú chun cóir chomhionann a chur chun cinn, lena n-áirítear anailís, faireachán agus tacaíocht maidir le cóir chomhionann do gach duine gan idirdhealú ar na forais a chumhdaítear faoi na Treoracha faoi seach (dá ngairtear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta). Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar ar inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin cúnamh neamhspleách a **thabhairt saor in aisce** d’íospartaigh, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon **saincheist** a bhaineann le hidirdhealú **den sórt sin**. Ceanglaítear leo ar na Ballstáit a áirithiú freisin go n-áireofar ar shainchúraimí na gcomhlachtaí sin faisnéis a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha, amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. **Ba cheart na comhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoi Threoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE a ionadú le comhlachtaí comhionannais arna n-ainmniú faoin Treoir seo agus ba cheart dóibh na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú. Tá an Treoir seo gan dochar d’inniúlachtaí cigireachtaí saothair, comhlachtaí forfheidhmithe eile nó na comhpháirtithe sóisialta.**

Or. en

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 10**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Lena áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais cur go héifeachtach le forfheidhmiú **Threoir 2006/54/CE** agus **Threoir 2010/41/AE** trí chóir chomhionann a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cúnamh a thabhairt do gach duine aonair agus do gach grúpa a ndéantar idirdhealú orthu chun rochtain a fháil ar cheartas ar fud an Aontais, is gá íoschaighdeáin cheangailteacha a ghlacadh maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí sin. Ba cheart do na caighdeáin nua leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh trí Mholadh 2018/951⁶³ gCoimisiún a chur i bhfeidhm, ag baint leas as cuid dá fhorálacha agus ag leagan síos rialacha nua i gcás inar gá. Ba cheart dóibh leas a bhaint as ionstraimí ábhartha eile freisin, amhail Moladh Ginearálta Beartais Uimh. 2⁶⁴ maidir le comhlachtaí comhionannais arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) agus Prionsabail Pháras⁶⁵ arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe agus is infheidhme maidir le hinstitiúidí náisiúnta do chearta an duine.

⁶³ Moladh (AE) 2018/951 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2018, maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais (IO L 167, 4.7.2018, lch. 28).

⁶⁴ I Moladh Beartais Ghinearálta ECRI Uimh. 2 rinneadh athbhreithniú maidir le Comhlachtaí Comhionannais chun dul i ngleic le ciníochas agus éadulaingt ar an leibhéal náisiúnta - arna ghlacadh an 13 Meitheamh 1997 agus arna athbhreithniú

Leasú

(10) Lena áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais cur go héifeachtach le forfheidhmiú **Threoir 2006/54/CE** agus **Threoir 2010/41/AE** trí chóir chomhionann a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cúnamh a thabhairt do gach duine aonair, **do gach teaghlach ina éagsúlacht uile** agus do gach grúpa a ndéantar idirdhealú orthu chun rochtain a fháil ar cheartas ar fud an Aontais, is gá íoschaighdeáin cheangailteacha a ghlacadh maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí sin. Ba cheart do na caighdeáin nua leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh trí Mholadh 2018/951⁶³ gCoimisiún a chur i bhfeidhm, ag baint leas as cuid dá fhorálacha agus ag leagan síos rialacha nua i gcás inar gá. Ba cheart dóibh leas a bhaint as ionstraimí ábhartha eile freisin, amhail Moladh Ginearálta Beartais Uimh. 2⁶⁴ maidir le comhlachtaí comhionannais arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) agus Prionsabail Pháras⁶⁵ arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe agus is infheidhme maidir le hinstitiúidí náisiúnta do chearta an duine.

⁶³ Moladh (AE) 2018/951 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2018, maidir le caighdeáin do na comhlachtaí comhionannais (IO L 167, 4.7.2018, lch. 28).

⁶⁴ I Moladh Beartais Ghinearálta ECRI Uimh. 2 rinneadh athbhreithniú maidir le Comhlachtaí Comhionannais chun dul i ngleic le ciníochas agus éadulaingt ar an leibhéal náisiúnta - arna ghlacadh an 13 Meitheamh 1997 agus arna athbhreithniú

an 7 Nollaig 2017.

⁶⁵ Prionsabail a bhaineann le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta a glacadh le rún 48/134 ón Tionól Ginearálta an 20 Nollaig 1993.

an 7 Nollaig 2017.

⁶³ Prionsabail a bhaineann le Stádas na nInstitiúidí Náisiúnta a glacadh le rún 48/134 ón Tionól Ginearálta an 20 Nollaig 1993.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Ba cheart a mheas go mbeidh an Treoir atá beartaithe chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó as obair ar luach chomhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forghníomhaithe⁶⁹ ina threoir *lex specialis* i ndáil le forálacha forfheidhmiúcháin Threoir 2006/54/CE a chuirfear in ionad na Treorach seo. Aon íoschaighdeáin níos airde a bhunófar leis an Treoir amach anseo maidir le Trédhearcacht Pá do chomhlachtaí comhionannais i gcúrsaí a bhaineann le pá comhionann as obair chomhionann nó as an obair ar luach comhionann lena n-áirítear i dtrédhearcacht pá, ba cheart go mbeadh siad i réim ar na caighdeáin sin a leagtar amach sa Treoir seo.

⁶⁹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i

Leasú

(14) Ba cheart a mheas go mbeidh an Treoir atá beartaithe chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó as obair ar luach chomhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forghníomhaithe⁶⁹ ina threoir *lex specialis* i ndáil le forálacha forfheidhmiúcháin Threoir 2006/54/CE a chuirfear in ionad na Treorach seo. Aon íoschaighdeáin níos airde a bhunófar leis an Treoir amach anseo maidir le Trédhearcacht Pá do chomhlachtaí comhionannais i gcúrsaí a bhaineann le pá comhionann as obair chomhionann nó as an obair ar luach comhionann lena n-áirítear i dtrédhearcacht pá, ba cheart go mbeadh siad i réim ar na caighdeáin sin a leagtar amach sa Treoir seo. ***Tá coinne leis go gcuirfidh na Ballstáit an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá chun feidhme gan aon mhoill, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais agus cóid iompair a bhunú in ábhair a bhaineann le pá comhionann as an obair chéanna nó obair ar comhionann a luach bunaithe ar an Treoir sin.***

⁶⁹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i

bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar luach **comhionann** idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí **forfheidhmiúcháin** (COM/2021/93 final).

bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar **comhionann a** luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí **forfheidhmithe** (COM/2021/93 final).

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Agus cóir chomhionann á cur chun cinn, idirdhealú á chosc agus cúnamh á thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais aird ar leith a thabhairt ar idirdhealú atá bunaithe ar roinnt foras a chosnaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE, 2006/54/CE agus 2010/41/AE.

Leasú

(15) Agus cóir chomhionann á cur chun cinn, idirdhealú á chosc agus cúnamh á thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais aird ar leith a thabhairt ar idirdhealú ***iomadúil agus trasnach*** atá bunaithe ar roinnt foras a chosnaítear le Treoracha 79/7/CEE, 2000/43/CE, 2000/78/CE, 2004/113/CE, 2006/54/CE agus 2010/41/AE ***nó atá bunaithe ar an trasnú idir na forais sin, ag aithint gur minic a dhéanann idirdhealú difear do dhaoine ar níos mó ná foras amháin agus go gcruthaíonn sé míbhuntáiste sonracha. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit forálacha a bhaineann le hidirdhealú trasnach atá sa Treoir maidir le Trédhearcacht Pá a chur san áireamh chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí thrédhearcacht pá agus sásraí forfheidhmithe.***

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a ghlacadh go héifeachtach ach amháin má bhíonn siad ábalta gníomhú le neamhspleáchas iomlán gan bheith faoi réir aon tionchar seachtrach. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit roinnt critéar a chur san áireamh a chuirfidh le neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais. Níor chóir comhlachtaí comhionannais a bhunú mar chuid d'aireacht nó de chomhlacht a ghlacann treoracha go díreach ón rialtas. Aon bhall foirne nó aon duine a bhfuil post bainistíochta aige – mar shampla, mar chomhalta de bhord a bhainistíonn an comhlacht comhionannais, mar cheannaire an chomhlachta comhionannais, mar ionadaí nó i gcás eatrainmh - ba cheart dóibh a bheith neamhspleách, cáilithe dá bpost, agus go roghnófaí iad trí phróiseas trédhearcach. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta a mbuiséad agus a n-acmhainní féin a bhainistiú, lena n-áirítear trína bhfoireann féin a roghnú agus a bhainistiú, agus a bheith ábalta a dtosaíochtaí féin a shocrú.

Leasú

(16) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a ghlacadh go héifeachtach ach amháin má bhíonn siad ábalta gníomhú le neamhspleáchas iomlán gan bheith faoi réir aon tionchar seachtrach, ***amhail tionchar reiligiúnach, polaitiúil nó airgeadais***. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit roinnt critéar a chur san áireamh a chuirfidh le neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais. Níor chóir comhlachtaí comhionannais a bhunú mar chuid d'aireacht nó de chomhlacht a ghlacann treoracha go díreach ón rialtas. Aon bhall foirne nó aon duine a bhfuil post bainistíochta aige – mar shampla, mar chomhalta de bhord a bhainistíonn an comhlacht comhionannais, mar cheannaire an chomhlachta comhionannais, mar ionadaí nó i gcás eatrainmh – ba cheart dóibh a bheith neamhspleách, cáilithe dá bpost, agus go roghnófaí iad trí phróiseas trédhearcach. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta a mbuiséad agus a n-acmhainní féin a bhainistiú, lena n-áirítear trína bhfoireann féin a roghnú agus a bhainistiú, agus a bheith ábalta a dtosaíochtaí féin a shocrú ***agus iad a chur chun feidhme dá réir sin***.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Is príomhcheist í an easpa

Leasú

(18) Is príomhcheist í an easpa

acmhainní iomchuí lena gcuirtear bac ar chumas comhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh go **leordhóthanach**. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh comhlachtaí comhionannais maoiniú leordhóthanach, gur féidir leo **foireann cháilithe** a fhostú agus áitreabh agus bonneagar iomchuí a bheith acu chun gach ceann dá gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, laistigh de thréimhse ama réasúnta agus laistigh de na spriocamanna arna mbunú leis an dlí náisiúnta. Ba cheart go mbeadh a leithdháileadh buiséadach **seasta, ach amháin** i gcás ina **méadaítear na hinniúlachtaí**, go **bpleanáiltear ar bhonn ilbhliantúil é**, agus go **gcuirtear** ar a gcumas **leis** costais a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith deacair a réamh-mheas, amhail costais a bhaineann le dlíthíocht. **Lena** áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, níor cheart, **mar shampla, go mbainfeadh lagduithe atá i bhfad níos airde ná na meánlagduithe ar eintitis phoiblí eile dá mbuiséad; mar an gcéanna**, ba cheart a bhfás bliantúil a cheangal ar a laghad leis an meánfhás ar mhaoiniú chuig eintitis eile. Ba cheart acmhainní a mhéadú go comhréireach má mhéadaítear cúraimí agus sainordú na gcomhlachtaí comhionannais.

acmhainní **daonna, teicniúla agus airgeadais atá** iomchuí **agus cobhsaí** lena gcuirtear bac ar chumas comhlachtaí comhionannais a gcúraimí a chomhlíonadh go **leormhaith**. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh comhlachtaí comhionannais maoiniú leordhóthanach, gur féidir leo **an méid ball foirne cáilithe is gá** a fhostú agus áitreabh agus bonneagar iomchuí a bheith acu chun gach ceann dá gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, laistigh de thréimhse ama réasúnta agus laistigh de na spriocamanna arna mbunú leis an dlí náisiúnta. Ba cheart go mbeadh a leithdháileadh buiséadach **cobhsaí agus pleanáilte ar bhonn ilbhliantúil**. I gcás ina **méadófar inniúlachtaí na gcomhlachtaí comhionannais, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar a n-acmhainní agus a mbuiséad a choigeartú dá réir. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh buiséid na gcomhlachtaí comhionannais** ar a gcumas costais a chumhdach a d'fhéadfadh a bheith deacair a réamh-mheas amhail costais a bhaineann le dlíthíocht. **Chun a** áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha **agus cobhsaí** ar fáil do chomhlachtaí comhionannais, níor cheart **ciorruithe a dhéanamh ar a mbuiséid mar thoradh ar inniúlachtaí agus cúraimí méadaithe a bheith sannta dóibh; ar an gcaoi chéanna**, ba cheart a bhfás bliantúil a cheangal ar a laghad leis an meánfhás ar mhaoiniú chuig eintitis eile **agus ba cheart rátaí boilscithe náisiúnta a chur san áireamh**. Ba cheart acmhainní a mhéadú go comhréireach má mhéadaítear cúraimí agus sainordú na gcomhlachtaí comhionannais **agus ba cheart iad a bheith leordhóthanach chun a chur ar chumas comhlachtaí comhionannais sonraí a bhailiú agus taighde a dhéanamh**.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Is uirlis úsáideach iad córais uathoibríthe, lena n-áirítear faisnéis shaorga, chun patrúin idirdhealaithe a aithint, ach tá riosca ag baint le hidirdhealú algartamach freisin. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag comhlachtaí comhionannais ar fhoireann cháilithe nó ar sheirbhísí cáilithe, a bheidh ábalta córais uathoibríthe a úsáid dá gcuid oibre ar thaobh amháin agus measúnú a dhéanamh orthu a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha maidir le **neamh-idirdhealú** ar an taobh eile. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar acmhainní digiteacha iomchuí a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais, bíodh sin go díreach nó trí fhoichonraitheoireacht.

Leasú

(19) Is uirlis úsáideach iad córais uathoibríthe, lena n-áirítear faisnéis shaorga, chun patrúin idirdhealaithe a aithint, ach tá riosca ag baint le hidirdhealú algartamach freisin. Dá bhrí sin, ba cheart rochtain a bheith ag comhlachtaí comhionannais ar fhoireann cháilithe nó ar sheirbhísí cáilithe, a bheidh ábalta córais uathoibríthe a úsáid dá gcuid oibre ar thaobh amháin agus measúnú a dhéanamh orthu a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha maidir le **neamh-idirdhealú** ar an taobh eile. Ba cheart aird ar leith a dhíriú ar acmhainní digiteacha iomchuí a thabhairt do chomhlachtaí comhionannais **agus oiliúint iomchuí a chur orthu**, bíodh sin go díreach nó trí fhoichonraitheoireacht. **Ba cheart do chórais uathoibríthe na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh daoine faoi mhíchumas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1a} a chomhlíonadh.**

^{1a} Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach Aithris 20

(20) Tá ról lárnach ag comhlachtaí comhionannais, in éineacht le gníomhaithe eile, maidir le hidirdhealú a chosc agus comhionannas a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun cur leis an athrú sóisialta, ba cheart dóibh dualgais chomhionannais, dea-chleachtas, gníomhaíocht dhearfach agus príomhshruthú comhionannais a chur chun cinn i measc na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoir agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh. Ba cheart dóibh cumarsáid a dhéanamh le heintitis phoiblí agus phríobháideacha agus le grúpaí atá i mbaol an idirdhealaithe agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí *d'fhonn* steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht agus faoi na tairbhí a bhaineann léi, ar príomhcholún é de straitéisí comhionannais an Aontais.

(20) Tá ról lárnach ag comhlachtaí comhionannais, in éineacht le gníomhaithe eile, ***agus go háirithe comhpháirtithe sóisialta***, maidir le hidirdhealú a chosc agus comhionannas a chur chun cinn. Chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe struchtúracha an idirdhealaithe agus chun cur leis an athrú sóisialta, ba cheart dóibh dualgais chomhionannais, dea-chleachtas, gníomhaíocht dhearfach agus príomhshruthú comhionannais a chur chun cinn i measc na n-eintiteas poiblí agus príobháideach, agus oiliúint, faisnéis, comhairle, treoir agus tacaíocht ábhartha a chur ar fáil dóibh. Ba cheart dóibh cumarsáid a dhéanamh le heintitis phoiblí agus phríobháideacha, ***go háirithe cigireachtaí saothair, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus*** le grúpaí atá i mbaol an idirdhealaithe, ***faisnéis a chur in iúl dóibh*** agus páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí ***chun*** steiréitíopaí a chomhrac agus feasacht a mhúscailt faoin éagsúlacht agus faoi na tairbhí a bhaineann léi, ar príomhcholún é de straitéisí comhionannais an Aontais. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh comhlachtaí comhionannais cistiú leordhóthanach le haghaidh a gcúraimí a bhaineann le cur chun cinn agus múscailt feasachta.***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach Aithris 21

(21) Thar an gcosc, is cúram lárnach de chuid na geomhlachtaí comhionannais é cúnaimh a chur ar fáil d'íospartaigh an

(21) Thar an gcosc, is cúram lárnach de chuid na geomhlachtaí comhionannais é cúnaimh a chur ar fáil d'íospartaigh an

idirdhealaithe. Ba cheart go mbeadh sé i gceist leis an gcúnamh sin i gcónaí príomhfhaisnéis a sholáthar do ghearánaigh agus réamh-mheasúnú a dhéanamh ar a ngearán, bunaithe ar an bhfaisnéis tosaigh a bailíodh ó na páirtithe ar bhonn deonach.

Ba cheart go mbeadh na Ballstáit i gceannas ar na rialacha mionsonraithe a shainiú faoina n-eiseodh an comhlacht comhionannais an measúnú sin, amhail creat ama an phróisis nó coimircí nós imeachta i gcoinne gearáin atriallacha nó mhaslacha.

idirdhealaithe. Ba cheart go mbeadh sé i gceist leis an gcúnamh sin i gcónaí príomhfhaisnéis a sholáthar do ghearánaigh agus réamh-mheasúnú a dhéanamh ar a ngearán, bunaithe ar an bhfaisnéis tosaigh a bailíodh ó na páirtithe ar bhonn deonach.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Lena áirithiú go mbeidh gach íospartach ábalta gearán a dhéanamh, ba cheart go bhféadfaí gearáin a chur isteach ar bhealaí éagsúla. Ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt freisin ar Mholadh 2018/951 ón gCoimisiún faoina bhféadfaí gearáin a chur isteach i dteanga a roghnóidh an gearánach atá coitianta sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht comhionannais lonnaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na cúiseanna le tearcthuairisciú, is é sin eagla roimh dhíoltas, agus gan dochar do Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais⁷⁰, ba cheart rúndacht a thairiscint d'fhinnéithe agus do sceithirí, agus a mhéid is féidir, do ghearánaigh.

⁷⁰ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint

Leasú

(22) Lena áirithiú go mbeidh gach íospartach ábalta gearán a dhéanamh, ba cheart go bhféadfaí gearáin a chur isteach ar bhealaí éagsúla, ***lena n-áirítear trí mhodh digiteach***. Ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt freisin ar Mholadh 2018/951 ón gCoimisiún faoina bhféadfaí gearáin a chur isteach i dteanga a roghnóidh an gearánach atá coitianta sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht comhionannais lonnaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na cúiseanna le tearcthuairisciú, is é sin eagla roimh dhíoltas, agus gan dochar do Threoir (AE) 2019/1937 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais⁷⁰, ba cheart rúndacht a thairiscint d'fhinnéithe agus do sceithirí, agus a mhéid is féidir, do ghearánaigh.

⁷⁰ Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint

daoine a thuariscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

daoine a thuariscíonn sárúithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Chun deis a thabhairt díospóidí a réiteach go tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag páirtithe ***réiteach cairdiúil a lorg ar a*** ndíospóidí, ag an gcomhlacht comhionannais nó ag eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana. Ba cheart dóibh rialacha mionsonraithe an phróisis réitigh chairdiúil a shainiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Leasú

(23) Chun deis a thabhairt díospóidí a réiteach go tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag páirtithe a ndíospóidí ***a réiteach trí bhíthin réiteach malartach díospóide trí bhord idir-réitigh agus idirghabhála. Ba cheart go mbeadh próiseas den sórt sin á stiúradh*** ag an gcomhlacht comhionannais nó ag eintiteas tiomnaithe ***neamhspleách*** eile atá ann cheana ***agus nach bhfuil baint aige leis an rialtas.*** Ba cheart dóibh rialacha mionsonraithe an phróisis réitigh chairdiúil a shainiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ***Ba cheart dul i mbun próiseas idir-réitigh agus idirghabhála a bheith faoi réir chomhaontú na bpáirtithe agus níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar pháirtí an ceart rochtana ar chúirt a fheidhmiú i gcás nach nglacann an páirtí sin le cinneadh an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála. Ba cheart don bhord idir-réitigh agus idirghabhála a bheith comhdhéanta de shaineolaithe i ndlí chearta an duine ón dá pháirtí. Ba cheart go mbeadh cinntí an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála ceangailteach ó thaobh dlí de ar choinnioll go dtiocfaidh an dá pháirtí sa díospóid ar chomhaontú. Ba cheart do na Ballstáit tréimhse teorann leordhóthanach a áirithiú chun a ráthú go mbeidh rochtain ag na páirtithe i ndíospóid ar chúirt i gcás nach dtagann siad ar chomhaontú ag deireadh an***

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) Ar bhonn na fianaise a bhailítear, go deonach nó trí imscrúdú, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a measúnú a sholáthar don ghearánach agus don déantóir ciona líomhnaithe. Ba cheart do na Ballstáit luach dlíthiúil an mheasúnaithe sin a chinneadh ar féidir leis a bheith ina thuairim neamhcheangailteach nó ina chinneadh ceangailteach infheidhmithe. Ba cheart *go luafaí sa dá thuairim sin* na cúiseanna *atá* leis an measúnú agus ba cheart *go n-áireofaí leo*, i gcás inar gá, bearta chun aon sárú a *fuarthas* a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Chun éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun tuairimí a fhiosrú agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

Leasú

(26) Ar bhonn na fianaise a bhailítear, go deonach nó trí imscrúdú, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a **bheith in ann a** measúnú a sholáthar don ghearánach agus don déantóir ciona líomhnaithe. Ba cheart do na Ballstáit luach dlíthiúil an mheasúnaithe sin a chinneadh ar féidir leis a bheith ina thuairim neamhcheangailteach nó ina chinneadh ceangailteach infheidhmithe. Ba cheart na cúiseanna leis an measúnú **a lua** agus ba cheart **a áireamh orthu**, i gcás inar gá, bearta chun aon sárú a **aimsíodh** a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Chun éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun tuairimí a fhiosrú agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(27) Lena gcuid oibre agus dlí um chomhionannas a chur chun cinn, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta achoimre ar a dtuairimí agus ar a gcinntí a fhoilsiú gan sonraí pearsanta a

Leasú

(27) Lena gcuid oibre agus dlí um chomhionannas a chur chun cinn, ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ábalta achoimre ar a dtuairimí agus ar a gcinntí a fhoilsiú gan sonraí pearsanta a

nochtadh.

nochtadh. *Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith in ann sonraí pearsanta a nochtadh i gcás ina bhforáiltear do nochtadh den sórt sin leis an dlí, mar shampla mar phionós i gcásanna idirdhealaithe, agus ar choinníoll go bhfuarthas an duine lena mbaineann na sonraí pearsanta ciontach in idirdhealú.*

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Ba cheart go mbeadh an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte in ábhair dlí shibhialta nó riaracháin chun cur le hurraim phrionsabal ***an chaithimh chomhionann*** a áirithiú, ar prionsabal é a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE. Cé gur cheart na himeachtaí cúirte sin a bheith faoi réir an dlí nós imeachta náisiúnta, lena n-áirítear rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht caingne, ní féidir rialacha den sórt sin, agus go háirithe aon choinníoll a bhaineann le leas dlisteanach, a chur i bhfeidhm ionas go mbainfí an bonn d'éifeachtacht cheart na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú. I ngeall ar na cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta agus ar an gceart chun gníomhú in imeachtaí cúirte a thugtar do chomhlachtaí comhionannais leis an Treoir seo, éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha atá ann faoi láthair i dTreoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE maidir leis an dualgas cruthúnais agus le cosaint ceart. Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, beidh comhlachtaí comhionannais in ann fíoras a shuí óna bhféadfar a thiomhdiú

Leasú

(28) Ba cheart go mbeadh an ceart ag comhlachtaí comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte in ábhair dlí shibhialta nó riaracháin, ***a bheith i láthair agus éisteacht a fháil iontu*** chun cur le hurraim phrionsabal ***na córa comhionainne*** a áirithiú, ar prionsabal é a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE. Cé gur cheart na himeachtaí cúirte sin a bheith faoi réir an dlí nós imeachta náisiúnta, lena n-áirítear rialacha náisiúnta maidir le hinghlacthacht caingne, ní féidir rialacha den sórt sin, agus go háirithe aon choinníoll a bhaineann le leas dlisteanach, a chur i bhfeidhm ionas go mbainfí an bonn d'éifeachtacht cheart na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú. I ngeall ar na cumhachtaí imscrúdaithe agus cinnteoireachta agus ar an gceart chun gníomhú in imeachtaí cúirte a thugtar do chomhlachtaí comhionannais leis an Treoir seo, éascófar cur chun feidhme praiticiúil na bhforálacha atá ann faoi láthair i dTreoracha 2000/43/CE, 2000/78/CE agus 2004/113/CE maidir leis an dualgas cruthúnais agus le cosaint ceart. Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Treoir seo, beidh comhlachtaí

go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach’, agus ar an gcaoi sin, comhlíonfaidh siad na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Threoir 2000/43/CE, Airteagal 10 de Threoir 2000/78/CE agus Airteagal 9 de Threoir 2004/113/CE. Dá bhrí sin, an tacaíocht a thabharfar leo, éascóidh sé rochtain na n-íospartach ar cheartas.

comhionannais in ann fíorais a shuí ‘óna bhféadfar a thoimhdiú go ndearnadh idirdhealú díreach nó indíreach’, agus ar an gcaoi sin, comhlíonfaidh siad na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Threoir 2000/43/CE, Airteagal 10 de Threoir 2000/78/CE agus Airteagal 9 de Threoir 2004/113/CE. Dá bhrí sin, an tacaíocht a thabharfar leo, éascóidh sé rochtain na n-íospartach ar cheartas.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(30) Tá sé deacair roinnt cásanna maidir le hidirdhealú a throid toisc nach bhfuil aon ghearánach ag tabhairt faoin gcás iad féin. Ina breithiúnas i gCás C-54/07 (Feryn)⁷¹, a thionscain comhlacht comhionannais ina ainm féin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir idirdhealú a dhéanamh fiú mura bhfuil íospartach aitheanta ann. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, gur féidir le comhlachtaí comhionannais gníomhú ina n-ainm féin, chun leas an phobail a chosaint.

⁷¹ Breithiúnas an 10 Iúil 2008 in Feryn (C-54/07, ECLI:EU:C:2008:397).

Leasú

(30) Tá sé deacair roinnt cásanna maidir le hidirdhealú a throid toisc nach bhfuil aon ghearánach ag tabhairt faoin gcás iad féin. Ina breithiúnas i gCás C-54/07 (Feryn)⁷¹, a thionscain comhlacht comhionannais ina ainm féin, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir idirdhealú a dhéanamh fiú mura bhfuil íospartach aitheanta ann. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, gur féidir le comhlachtaí comhionannais gníomhú **agus imeachtaí cúirte a thionscnamh** ina n-ainm féin, chun leas an phobail a chosaint **i gcás ina mbraítear idirdhealú, gan íospartach sainaitheanta a bheith ann. Tá sé tábhachtach freisin gur féidir leo gníomhú i gcásanna ina n-úsáidtear comhshásamh.**

⁷¹ Breithiúnas an 10 Iúil 2008 in Feryn (C-54/07, ECLI:EU:C:2008:397).

Or. en

Leasú 20

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 32**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(32) Ní mór prionsabal na trialach córa agus prionsabal chomhionannas na n-arm a urramú agus cearta na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú sa chúirt á bhfeidhmiú. Dá bhri sin, ach amháin i gcás ina ngníomhaíonn an comhlacht comhionannais mar pháirtí in imeachtaí maidir le forfheidhmiú nó athbhreithniú breithiúnach cinnidh dá chuid féin nó i gcás ina ngníomhaíonn sé mar *amicus curiae*, níor cheart cead a bheith ag an gcomhlacht comhionannais fianaise a chur isteach in imeachtaí cúirte a fuarthas trí imscrúduithe roimhe sin ar an gcás céanna ar fianaise í a raibh ceangal dlíthiúil ar an déantóir ciona líomhnaithe nó ar aon tríú páirtí í a sholáthar.

Leasú

scriosta

Or. en

Leasú 21

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 35**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(35) Braitheann éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais freisin ar rochtain iomlán ar a gcuid seirbhísí a thabhairt do ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe. I suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha⁷², thuariscigh 71 % de bhaill grúpaí mionlaigh eitnigh nó inimirceach nach raibh eolas acu faoi aon eagraíocht a thairgeann tacaíocht nó comhairle d'íospartaigh an idirdhealaithe. Príomhchéim chun tacú leis an rochtain sin

Leasú

(35) Braitheann éifeachtacht obair na gcomhlachtaí comhionannais freisin ar rochtain iomlán ar a gcuid seirbhísí a thabhairt do ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe. I suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha⁷², thuariscigh 71 % de bhaill grúpaí mionlaigh eitnigh nó inimirceach nach raibh eolas acu faoi aon eagraíocht a thairgeann tacaíocht nó comhairle d'íospartaigh an idirdhealaithe. Príomhchéim chun tacú leis an rochtain sin

is ea a áirithiú go bhfuil **a** gcearta **ar eolas ag daoine agus** go bhfuil siad **ar an eolas** faoi na **cearta agus na** seirbhísí a sholáthraíonn **comhlachtaí comhionannais**. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí a bhféadfaí bac a chur ar a rochtain ar an bhfaisnéis sin, mar shampla mar gheall ar a stádas eacnamaíoch, a míchumas, a litearthacht nó easpa rochtana ar uirlisí ar líne.

⁷² Suirbhé EU-MIDIS II **an** FRA.

is ea **go gcuirfidh gach Ballstát faisnéis ar fáil i ngach ceann dá theangacha oifigiúla agus príomhfaisnéis a chur ar fáil i mBéarla chun a** áirithiú go bhfuil **daoine ar an eolas faoina** gcearta, go bhfuil siad **feasach go bhfuil comhlachtaí comhionannais ann agus feasach** faoi na seirbhísí a sholáthraíonn **siad**. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí a bhféadfaí bac a chur ar a rochtain ar an bhfaisnéis sin, mar shampla mar gheall ar a stádas eacnamaíoch, a míchumas, a litearthacht nó easpa rochtana ar uirlisí ar líne.

⁷² Suirbhé EU-MIDIS II FRA.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(36) Ba cheart rochtain do chách ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais a ráthú. Chun na críche sin, ba cheart bacainní féideartha ar rochtain ar sheirbhísí comhlachtaí comhionannais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba chóir go mbeadh na seirbhísí saor in aisce do ghearánaigh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh seirbhísí na gcomhlachtaí comhionannais ar fáil do gach íospartach féideartha ar fud a gcríche, mar shampla, trí oifigí áitiúla a bhunú, lena n-áirítear oifigí soghluaiste, feachtais áitiúla a eagrú nó **trí chomhar** le toscairí áitiúla nó le heagraíochtaí sochaí sibhialta.

Leasú

(36) Ba cheart rochtain do chách ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin comhlachtaí comhionannais a ráthú. Chun na críche sin, ba cheart bacainní féideartha ar rochtain ar sheirbhísí comhlachtaí comhionannais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba chóir go mbeadh na seirbhísí saor in aisce do ghearánaigh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh seirbhísí na gcomhlachtaí comhionannais ar fáil do gach íospartach féideartha ar fud a gcríche, mar shampla trí oifigí áitiúla a bhunú, lena n-áirítear oifigí soghluaiste, **uirlisí agus ardáin dhigiteacha atá inrochtana agus soláimhsithe a bhunú chun teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí comhionannais**, feachtais áitiúla a eagrú nó **comhar** le toscairí áitiúla, **le rialtais áitiúla, le compháirtithe sóisialta, lena**

n-áirítear ceardchumann, nó le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na grúpaí is leochailí. Ba cheart feachtais oideachais maidir le cearta an duine agus frith-idirdhealú a phleanáil agus a dhíriú ar leanaí agus ar dhaoine óga ar scoil, ag tosú ó aois óg. Ba cheart comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a úireamh in ullmhú, stiúradh agus scaipeadh faisnéise mar chuid d'fheachtais oideachais den sórt sin.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(37) Tá an tAontas agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas⁷³ (UNCPRD), lena n-áirítear an oibleagáid toirmeasc a chur ar idirdhealú ar bhonn míchumais agus cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach ar idirdhealú ar gach uile fhoras a áirithiú do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ba cheart an Treoir seo a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCPRD. Chun cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí uile comhlachtaí comhionannais a ráthú, is gá inrochtaineacht a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882, agus cóiríocht réasúnta. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach⁷⁴ a áirithiú trí na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí agus ar a gcuid faisnéise a chosc agus a bhaint,

Leasú

(37) Tá an tAontas agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas⁷³ (UNCPRD), lena n-áirítear an oibleagáid toirmeasc a chur ar idirdhealú ar bhonn míchumais agus cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach ar idirdhealú ar gach uile fhoras a áirithiú do dhaoine atá faoi mhíchumas. Ba cheart an Treoir seo a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le UNCPRD. Chun cosaint dhlíthiúil chomhionann éifeachtach agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí agus ar ghníomhaíochtaí uile comhlachtaí comhionannais a ráthú, is gá inrochtaineacht a áirithiú, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/882, agus cóiríocht réasúnta. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais inrochtaineacht fhisiciúil agus dhigiteach⁷⁴ a áirithiú trí na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ar dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí agus ar a gcuid faisnéise a chosc agus a bhaint,

agus trí chóiríocht réasúnach a sholáthar, agus an mionathrú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí á ndéanamh nuair is gá i gcás ar leith.

⁷³ IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

⁷⁴ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1–15) agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi.

agus trí chóiríocht réasúnach a sholáthar, agus an mionathrú agus na coigeartuithe is gá agus is iomchuí á ndéanamh nuair is gá i gcás ar leith. ***Faoina sainordú, ba cheart go gcumhdódh comhlachtaí comhionannais cineálacha uile idirdhealaithe a mbíonn ar dhaoine faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir le UNCRPD, lena n-áirítear idirdhealú díreach agus indíreach, diúltú cóiríochta réasúnaí, idirdhealú trí bhainteacht, ciapadh, treoir idirdhealú a dhéanamh, íospairt agus fuathchaint.***

⁷³ IO L 23, 27.1.2010, lch. 37.

⁷⁴ ***Féach*** Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1–15) agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghabhann léi.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(38) Tá sé rithábhachtach don fhoghlaim fhrithpháirteach, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht go gcuirfí ar a gcumas do chomhlachtaí comhionannais comhordú agus comhoibriú a dhéanamh go rialta ar leibhéal éagsúla ar bhonn fadtéarmach, agus d'fhéadfadh sé for-rochtain agus tionchar a gcuid oibre a leathnú. Ba cheart do chomhlachtaí comhionannais comhoibriú, go háirithe, le comhlachtaí comhionannais eile sa Bhallstát céanna agus i mBallstáit eile – lena n-áirítear faoi chuimsiú Líonra Eorpach na gComhlachtaí

Comhionannais (Equinet) - agus le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus idirnáisiúnta, amhail eagraíochtaí sochaí sibhialta, údaráis cosanta sonraí, ceardchumann, cigireachtaí saothair agus oideachais, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cearta an duine a chosaint, údaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh, comhlachtaí tomhaltóirí, agus sásraí náisiúnta neamhspleácha chun UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh air. Níor cheart malartú sonraí pearsanta a bheith i gceist le comhar den sórt sin (i.e. sonraí comhionannais san fhoirm inar féidir daoine aonair a shainaithint).

Comhionannais (Equinet) – agus le heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus idirnáisiúnta, amhail **comhpháirtithe sóisialta**, eagraíochtaí sochaí sibhialta, údaráis cosanta sonraí, ceardchumann, cigireachtaí saothair agus oideachais, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, gníomhaireachtaí atá freagrach ar an leibhéal náisiúnta as cearta an duine a chosaint, údaráis a bhainistíonn cistí an Aontais, Pointí Teagmhála Náisiúnta do na Romaigh, **Parlaimintí de chuid na Sámach**, comhlachtaí tomhaltóirí, agus sásraí náisiúnta neamhspleácha chun UNCRPD a chur chun cinn, a chosaint agus faireachán a dhéanamh air. Níor cheart malartú sonraí pearsanta a bheith i gceist le comhar den sórt sin (i.e. sonraí comhionannais san fhoirm inar féidir daoine aonair a shainaithint). ***Ina theannta sin, ba cheart uathriail, inniúlachtaí agus sainchumais na gcomhpháirtithe sóisialta agus inniúlachtaí aitheanta na ngníomhaireachtaí rialtais ábhartha uile, lena n-áirítear cigireachtaí saothair, cúirteanna náisiúnta agus binsí reachtúla, a urramú in aon rannpháirtíocht a dhéanann comhlachtaí comhionannais in ábhair a bhaineann leis an áit oibre, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an geleachtas náisiúnta.***

Or. en

Leasú 25

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 39**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(39) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a imirt ina n-iomláine mar shaineolaithe ar chóir chomhionann

Leasú

(39) Ní féidir le comhlachtaí comhionannais a ról a imirt ina n-iomláine mar shaineolaithe ar chóir chomhionann

mura dtéitear i gcomhairle leo sách luath le linn an phróisis déanta beartais maidir le cúrsaí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú chun an comhairliúchán sin a áirithiú ar bhealach tráthúil. Ba cheart dóibh a cheadú do chomhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh agus iad a fhoilsiú *freisin*.

mura dtéitear i gcomhairle leo sách luath le linn an phróisis déanta beartais maidir le cúrsaí a bhaineann le cearta agus oibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta trédhearcacha a bhunú chun an comhairliúchán sin a áirithiú ar bhealach tráthúil. Ba cheart dóibh a cheadú do chomhlachtaí comhionannais moltaí a dhéanamh agus iad a fhoilsiú ***agus a thabhairt cothrom le dáta a mhinice a mheasann siad a bheith riachtanach.***

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(40) Tá sonraí comhionannais rithábachtach chun feasacht a mhúscailt, daoine a íogró, idirdhealú a chainníochtú, treochtaí le himeacht ama ***a léiriú***, a chruthú go bhfuil idirdhealú ann, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um chomhionannas, an gá atá le gníomhaíocht dhearfach a léiriú, agus cur le déanamh beartas bunaithe ar fhianaise⁷⁵. Tá ról le himirt ag comhlachtaí comhionannais maidir le cur le sonraí ábhartha comhionannais a fhorbairt chun na geríoch sin, mar shampla trí chruinnithe comhchéime a eagrú go rialta agus na heintitis ábhartha go léir a chruinniú le chéile. Ba cheart dóibh freisin sonraí maidir lena ngníomhaíochtaí féin a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu nó suirbhéanna a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh siad ábalta rochtain a fháil ar fhaisnéis staidrimh arna bailiú ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile agus í a úsáid – amhail na hoifigí staidrimh

Leasú

(40) Tá sonraí comhionannais rithábachtach chun feasacht a mhúscailt, daoine a íogró, idirdhealú a chainníochtú, treochtaí ***agus athruithe i ndearcchaí sóisialta a léiriú*** le himeacht ama, a chruthú go bhfuil idirdhealú ann, meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta um chomhionannas, an gá atá le gníomhaíocht dhearfach a léiriú, agus cur le déanamh beartas bunaithe ar fhianaise⁷⁵. Tá ról le himirt ag comhlachtaí comhionannais maidir le cur le sonraí ábhartha comhionannais a fhorbairt chun na geríoch sin, mar shampla trí chruinnithe comhchéime a eagrú go rialta agus na heintitis ábhartha go léir a chruinniú le chéile. Ba cheart dóibh freisin sonraí maidir lena ngníomhaíochtaí féin a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu nó suirbhéanna a dhéanamh agus ba cheart go mbeadh siad ábalta rochtain a fháil ar fhaisnéis staidrimh arna bailiú ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha eile agus í a

náisiúnta, cúirteanna náisiúnta, cigireachtaí saothair agus oideachais, ceardchumainn nó eagraíochtaí sochaí sibhialta - maidir leis na cúrsaí a gcuirtear de chúram orthu faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san fhaisnéis staidrimh sin.

úsáid – amhail na hoifigí staidrimh náisiúnta, cúirteanna náisiúnta, cigireachtaí saothair agus oideachais, ceardchumainn, **na meáin** nó eagraíochtaí sochaí sibhialta - maidir leis na cúrsaí a gcuirtear de chúram orthu faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE. Níor cheart aon sonraí pearsanta a bheith san fhaisnéis staidrimh sin **agus ba cheart í a bheith ar fáil i bhformáid inrochtana ionas gur féidir le comhlachtaí comhionannais iad a úsáid go héasca. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh comhlachtaí comhionannais cistiú leordhóthanach dá gcúraimí bailithe agus anailíse sonraí. Ba cheart go gcuirfí san áireamh in obair na gcomhlachtaí comhionannais ar shonraí comhionannais treoir agus acmhainní atá ann cheana maidir le sonraí comhionannais, lena n-áirítear iad siúd a forbraíodh faoi chuimsiú an Fhoghrúpa um Shonraí Comhionannais de chuid Ghrúpa Ardleibhéil an Aontais um Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht.**

⁷⁵ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan **spleáchas do** thionscnamh ciníoch nó eitneach ('an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch) agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ('an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta') SWD(2021) 63 final.

⁷⁵ Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2000/43/CE ón gComhairle **lena** gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan **beann ar** thionscnamh ciníoch nó eitneach ('an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch) agus Threoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha ('an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta') SWD(2021) 63 final.

Or. en

Leasú 27

**Togra le haghaidh treorach
Aithris 43**

(43) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, is gá sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach agus, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtaí praiticiúla. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar an bhfaireachán sin agus ba cheart dó tuarascáil **ar iarratais** a dhréachtú **o** rialta. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chur chun feidhme de bhun Airteagal 16(2) a mhéid a bhaineann le héifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun liosta táscairí ábhartha a bhunú ar cheart sonraí a bhailiú ar a bhonn. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist leis an bhfaireachán sin.

(43) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach seo, is gá sásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach agus, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, measúnú a dhéanamh ar a héifeachtaí praiticiúla. Ba cheart don Choimisiún a bheith i gceannas ar an bhfaireachán sin agus ba cheart dó tuarascáil **maidir le cur i bhfeidhm** a dhréachtú **go** rialta **bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear ó na Ballstáit agus ar shonraí breise ábhartha arna mbailiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus ó chomhlachtaí comhionannais agus ó pháirtithe leasmhara eile, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne**. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát a chur chun feidhme de bhun Airteagal 16(2) a mhéid a bhaineann le héifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun liosta táscairí ábhartha a bhunú ar cheart sonraí a bhailiú ar a bhonn, **i gcomhar le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet)**. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith i gceist leis an bhfaireachán sin.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach Aithris 44

(44) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, sa chaoi is go dtugtar an rogha do na Ballstáit forálacha níos fabhraí

(44) Leis an Treoir seo, leagtar síos íoscheanglais, sa chaoi is go dtugtar an rogha do na Ballstáit forálacha níos fabhraí

a thabhairt isteach nó a choinneáil. Níor cheart go dtabharfadh cur chun feidhme na Treorach seo údar le haon chúlchéimniú i ndáil leis an staid atá i réim cheana i ngach Ballstát.

a thabhairt isteach nó a choinneáil. **Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, forálacha níos fabhraí a thabhairt isteach nó a choinneáil.** Níor cheart go dtabharfadh cur chun feidhme na Treorach seo údar le haon chúlchéimniú i ndáil leis an staid atá i réim cheana i ngach Ballstát.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh treorach Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó **Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE** a neartú.

Leasú

1. Leagtar síos leis an Treoir seo íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais lena n-éifeachtacht a fheabhsú agus a **n-inniúlachtaí agus a** neamhspleáchas a ráthú chun cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne mar a dhíorthaítear ó **Threoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE** a neartú.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh treorach Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a chuirtear ar na Ballstáit agus ag cúraimí na gcomhlachtaí comhionannais faoin Treoir seo maidir le gach duine ina éagsúlacht uile, gan beann ar a ghnéas, a inscne, a fhéiniúlacht inscne, a léiriú inscne nó a shaintréithe gnéis chun an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2006/54/CE agus de Threoir 2010/41/AE a chomhlíonadh.

Leasú 31

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 - mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó (dá ngairfear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta) chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú.

Leasú

Ainmneoidh na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó (dá ngairfear ‘comhlachtaí comhionannais’ anseo feasta) chun na hinniúlachtaí a leagtar síos sa Treoir seo a fheidhmiú **agus déanfaidh siad na socrúithe is gá ina leith. Ní dhéanfaidh na Ballstáit struchtúr institiúideach na gcomhlachtaí comhionannais a ilroinnt go míchuí ar bhealach a chuirfeadh isteach ar a gcumas a sainordú a fheidhmiú.**

Leasú 32

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 - mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú go mbeidh na comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus saor ó thionchar seachtrach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu agus a n-inniúlachtaí **a fheidhmiú** acu, go háirithe a mhéid a bhaineann lena struchtúr dlíthiúil, lena gcuntasacht, lena mbuiséad, lena soláthar foirne agus lena gcúrsaí eagraíochtúla.

Leasú

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú go mbeidh na comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus saor ó thionchar seachtrach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu agus a n-inniúlachtaí **á bhfeidhmiú** acu, go háirithe a mhéid a bhaineann lena struchtúr dlíthiúil, lena gcuntasacht, lena mbuiséad, lena soláthar foirne, **lena gcumarsáid** agus lena gcúrsaí eagraíochtúla.

Leasú 33

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 - mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. *Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear comhlachtaí comhionannais ar bun laistigh d'aireacht, de chomhlacht rialtais n de chomhlacht a ghlacann treoracha ón rialtas chun a gcineál mar chomhlachtaí neamhspleácha a chaomhnú.*

Or. en

Leasú 34

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 3 - mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialacha trédhearcacha agus coimircí trédhearcacha a bhaineann le roghnú, ceapadh, cúlghairm agus coinbhleacht leasa fhéideartha fhoireann na gcomhlachtaí comhionannais, go háirithe daoine a bhfuil ***post bainistíochta*** acu, ***lena n-inniúlacht*** agus ***a*** neamhspleáchas a ráthú.

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialacha trédhearcacha agus coimircí trédhearcacha a bhaineann le roghnú, ceapadh, cúlghairm agus coinbhleacht leasa fhéideartha fhoireann na gcomhlachtaí comhionannais, ***mar shampla trí dhul i gcomhairle le saineolaithe le linn an phróisis le haghaidh foireann a roghnú. Bainfidh na rialacha agus na coimircí sin, go háirithe le daoine a bhfuil poist bhainistíochta acu, mar shampla comhaltaí de bhoird a bhainistíonn comhlachtaí comhionannais, cinn comhlachtaí comhionannais, leaschinn comhlachtaí comhionannais nó cinn eatramhacha comhlachtaí comhionannais, i gcás inarb infheidhme, chun inniúlacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais ar chur isteach seachtrach nó inmheánach ar bith a ráthú.***

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh treorach Airteagal 3 - mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí ag a bhfuil roinnt sainorduithe chun feidhmiú uathrialach an tsainordaithe comhionannais a ráthú.

Leasú

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm i struchtúr inmheánach na gcomhlachtaí ag a bhfuil roinnt sainorduithe chun feidhmiú uathrialach **agus éifeachtach** an tsainordaithe comhionannais a ráthú **gan tionchar seachtrach**.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh treorach Airteagal 4 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar do gach comhlacht comhionannais na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais is gá lena shainchúraimí uile a chomhlíonadh agus a inniúlachtaí uile a fheidhmiú go héifeachtach, ar na forais uile agus sna réimsí uile atá cumhdaithe faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE, lena n-áirítear i gcás méaduithe ar inniúlachtaí, méaduithe ar ghearáin, costais dlíthíochta agus úsáid córas uathoibríthe.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar do gach comhlacht comhionannais na hacmhainní **cobhsaí** daonna, teicniúla agus airgeadais is gá lena shainchúraimí uile a chomhlíonadh agus a inniúlachtaí uile a fheidhmiú go héifeachtach, ar na forais uile agus sna réimsí uile atá cumhdaithe faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE, lena n-áirítear i gcás méaduithe ar inniúlachtaí, méaduithe ar ghearáin, costais dlíthíochta agus úsáid córas uathoibríthe. **Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leithdháileadh buiséadach na gcomhlachtaí comhionannais cobhsaí agus pleanáilte ar bhonn ilbhliantúil. Áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdóidh buiséid na gcomhlachtaí comhionannais na costais a d'fhéadfadh a bheith deacair a réamh-mheas, amhail costais a bhaineann le dlíthíocht. I gcás ina**

méadófar inniúlachtaí na gcomhlachtaí comhionannais, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a n-acmhainní agus a mbuiséad a choigeartú dá réir.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 - mír 1 - pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) straitéis a ghlacadh chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne, ar fud a gcriche, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, maidir leis na cearta faoi **Threoir 2006/54/CE** agus faoi **Threoir 2010/41/AE** agus maidir le comhlachtaí comhionannais agus a gcuid seirbhísí a bheith ann;

Leasú

(a) straitéis a ghlacadh chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne, ar fud a gcriche, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine aonair, **ar theaghlaigh ina n-éagsúlacht uile** agus ar ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, **i mbealach agus i bhformáidí atá inrochtana do chúch**, maidir leis na cearta faoi **Threoir 2006/54/CE** agus faoi **Threoir 2010/41/AE** agus maidir le comhlachtaí comhionannais agus a gcuid seirbhísí a bheith ann;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 - mír 1 - pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) a áirithiú go nglacfaidh comhlachtaí comhionannais páirt in idirdhealú a chosc agus i gcóir comhionann a chur chun cinn, agus straitéis a ghlacadh ina saineofar conas a rachaidh siad i mbun idirphlé poiblí, conas a dhéanfaidh siad cumarsáid le daoine aonair agus le grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, conas a sholáthróidh siad oiliúint agus treoir, agus conas a chuirfidh

Leasú

(b) **na dálaí** a áirithiú **chun** go nglacfaidh comhlachtaí comhionannais páirt in idirdhealú a chosc agus i gcóir comhionann a chur chun cinn, agus straitéis a ghlacadh ina saineofar conas a rachaidh siad i mbun idirphlé poiblí, conas a dhéanfaidh siad cumarsáid le daoine aonair, **le comhpháirtithe sóisialta** agus le grúpaí atá i mbaol idirdhealaithe, conas a

siad dualgais chomhionannais,
príomhshruthú comhionannais agus
gníomhaíocht dhearfach chun cinn i measc
eintitis phoiblí agus phríobháideacha.

sholáthróidh siad oiliúint agus treoir, agus
conas a chuirfidh siad dualgais
chomhionannais, príomhshruthú
comhionannais agus gníomhaíocht
dhearfach chun cinn i measc eintitis phoiblí
agus phríobháideacha.

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh treorach Airteagal 5 - mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh
na Ballstáit agus comhlachtaí
comhionannais **san áireamh** na huirlisí
agus formáidí cumarsáide is iomchuí do
gach spriocghrúpa. Díreoidh siad go
háirithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a
bhféadfaí bac a chur ar a rochtain ar
fhaisnéis, mar shampla, mar gheall ar a
stádas eacnamaíoch, **a n-aois**, **a** míchumas,
a litearthacht, **a** náisiúntacht, **a** stádas
cónaithe nó easpa rochtana ar uirlisí ar líne.

Leasú

Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh
na Ballstáit agus comhlachtaí
comhionannais na huirlisí agus formáidí
cumarsáide is iomchuí do gach
spriocghrúpa **san áireamh agus áireoidh
siad uirlisí digiteacha agus modh
cumarsáide**. Díreoidh siad go háirithe ar
ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste a bhféadfaí bac
a chur ar a rochtain ar fhaisnéis, mar
shampla, mar gheall ar a stádas
eacnamaíoch, **aois**, míchumas, litearthacht,
náisiúntacht, stádas cónaithe nó easpa
rochtana **poiblí nó príobháidí** ar uirlisí ar
líne.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 - teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cúnamh d'íospartaigh

Leasú

Cúnamh d'íospartaigh **agus do dhaoine a
ndearnadh idirdhealú orthu**

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhlachtaí comhionannais ábalta cúnamh a sholáthar d'íospartaigh mar a leagtar amach i **míreanna 2 go 4**.

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhlachtaí comhionannais ábalta cúnamh a sholáthar **saor in aisce** d'íospartaigh **agus do dhaoine a ndearnadh idirdhealú orthu** mar a leagtar amach i **míreanna 2 go 4**.

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 - mír 3 - fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Soláthróidh comhlachtaí comhionannais cúnamh d'íospartaigh, ar dtús trí iad a chur ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear comhairle atá dírithe ar a gcás sonrach, faoi na seirbhísí a sholáthraíonn an comhlacht comhionannais agus faoi ghnéithe nós imeachta gaolmhara, chomh maith leis na réitigh atá ar fáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht cás **leanúint sa chúirt**.

Leasú

Soláthróidh comhlachtaí comhionannais cúnamh d'íospartaigh **agus do dhaoine a ndearnadh idirdhealú orthu agus dá n-ionadaithe ceardchumainn**, ar dtús trí iad a chur ar an eolas faoin gcreat dlíthiúil, lena n-áirítear comhairle atá dírithe ar a gcás sonrach, faoi na seirbhísí a sholáthraíonn an comhlacht comhionannais agus faoi ghnéithe nós imeachta gaolmhara, chomh maith leis na réitigh atá ar fáil, lena n-áirítear an fhéidearthacht cás **a thabhairt os comhair na cúirte**.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh treorach Airteagal 6 - mír 3 - fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh comhlachtaí comhionannais íospartaigh ar an eolas freisin faoi na rialacha rúndachta is infheidhme, faoi chosaint sonraí pearsanta agus faoi na féidearthachtaí tacaíocht shíceolaíoch nó **tacaíocht** ábhartha eile a fháil ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí eile.

Leasú

Cuirfidh comhlachtaí comhionannais íospartaigh **agus daoine a ndearnadh idirdhealú orthu** ar an eolas freisin faoi na rialacha rúndachta is infheidhme, faoi chosaint sonraí pearsanta agus faoi na féidearthachtaí tacaíocht shíceolaíoch nó **cineálacha tacaíochta** ábhartha eile a fháil ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí eile.

Or. en

Leasú 44

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 - teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Réitigh chairdiúla

Leasú

Réiteach malartach díospóidí

Or. en

Leasú 45

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 7 - mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Beidh comhlachtaí comhionannais **ábailta** deis a **thabhairt** do na páirtithe **réiteach cairdiúil a lorg ar a** ndíospóid. Beidh an **próiseas sin** faoi **réir chomhaontú na bpáirtithe agus féadfaidh an comhlacht** comhionannais é féin nó eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana, agus sa chás sin féadfaidh an comhlacht comhionannais barúlacha a cheapadh don eintiteas sin, **a bheith i gceannas air. Ní chuirfear cosc ar na páirtithe ar a gceart rochtana chun na cúirte a fheidmiú trí pháirt a ghlacadh i bpróiseas dá leithéid.**

Leasú

Beidh comhlachtaí comhionannais **nó eintitis tiomnaithe eile atá ann cheana in ann an** deis a **thairiscint** do na páirtithe a ndíospóid **a réiteach trí bhíthin réiteach malartach díospóidí trí bhord idir-réitigh agus idirghabhála.** Beidh an **bord idir-réitigh agus idirghabhála** faoi **stiúir an chomhlachta** comhionannais é féin nó eintiteas **neamhspleách** tiomnaithe eile atá ann cheana, agus sa chás sin féadfaidh an comhlacht comhionannais barúlacha a cheapadh don eintiteas sin. **Beidh deis ag páirtithe cúnaimh nó ionadaíocht a fháil ó**

chomhpháirtithe sóisialta. Beidh an bord idir-réitigh agus idirghabhála comhdhéanta de shaineolaithe i ndlí chearta an duine ón dá pháirtí. Ullmhóidh dlíodóirí neamhchlaonta cásanna os comhair an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála. Beidh cinntí an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála ceangailteach ó thaobh dlí de ar choinníoll go dtiocfaidh an dá pháirtí sa díospóid ar chomhaontú.

Beidh dul i mbun próiseas idir-réitigh agus idirghabhála den sórt sin faoi réir chomhaontú na bpáirtithe i ndíospóid agus ní chuirfidh sé cosc ar pháirtithe a gceart rochtana ar chúirt a fheidhmiú i gcás nach nglacfaidh ceann acu le cinneadh an bhoird idir-réitigh agus idirghabhála. Ní thiocfaidh próiseas den sórt sin in ionad nósanna imeachta idir-réitigh náisiúnta atá ann cheana, ná ní bhainfidh sé an bonn díobh, i gcás inar féidir le nósanna imeachta den sórt sin cosaint frith-idirdhealaithe níos fearr a chur ar fáil.

Áiritheoidh na Ballstáit tréimhse teorann leordhóthanach chun a ráthú go mbeidh rochtain ag na páirtithe sa díospóid ar chúirt i gcás nach dtagann siad ar chomhaontú ag deireadh an phróisis idir-réitigh agus idirghabhála. Cuirfear an tréimhse teorann ar fionraí le linn an phróisis idir-réitigh agus idirghabhála.

Or. en

Leasú 46

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tuairimí agus cinntí

Imscrúdú

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Áiritheoidh na Ballstáit, ***i gcás ina measfaidh comhlachtaí comhionannais, i ndiaidh dóibh gearán a fháil nó as a stuaim féin, go bhféadfadh sé gur sáraíodh prionsabal*** na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE, ***go bhfuil sé de chumhacht ag na comhlachtaí sin an cás a imscrúdú a thuilleadh.***

Leasú

1. Áiritheoidh na Ballstáit ***go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais imscrúdú éifeachtach a dhéanamh, tar éis dóibh gearáin a fháil nó ar a dtionscnamh féin, féachaint ar tharla sárú ar phrionsabal*** na córa comhionainne a leagtar síos i dTreoir 2006/54/CE agus i dTreoir 2010/41/AE.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - mír 2 - fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Go ***sonrach, soláthrófar leis an gcreat*** sin cearta éifeachtacha do chomhlachtaí comhionannais chun rochtain a fháil ar ***fhaisnéis*** is gá ***lena dhearbhuí*** ar tharla idirdhealú. ***Déanfar*** foráil ***ann*** freisin ***i leith*** sásraí ***cuí*** chun ***go gcomhoibreoidh comhlachtaí comhionannais*** le comhlachtaí poiblí ábhartha chun na críche sin.

Leasú

Go ***háirithe, cuirfidh an creat*** sin cearta ***agus oibleagáidí*** éifeachtacha ***ar fáil*** do chomhlachtaí comhionannais chun rochtain a fháil ar ***an bhfaisnéis*** is gá ***chun a shuí*** ar tharla idirdhealú, ***lena n-áirítear trí oibleagáid a chur ar an déantóir ciona líomhnaithe agus ar aon tríú páirtithe faisnéis agus doiciméid a sholáthar nuair a iarrtar sin. Déanfaidh sé*** foráil freisin ***maidir le*** sásraí ***iomchuí do chomhlachtaí comhionannais*** chun ***comhoibriú*** le comhlachtaí poiblí ábhartha, ***amhail cigireachtaí saothair nó comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile, agus cuirfear d'oibleagáid ar na comhlachtaí poiblí sin comhoibriú le comhlachtaí comhionannais*** chun na críche sin.

Or. en

Leasú 49

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin go bhfuil an déantóir ciona líomhnaithe agus aon tríú páirtí faoi cheangal dlíthiúil aon fhaisnéis agus aon doiciméad a iarrann comhlachtaí comhionannais a sholáthar.

scriosta

Or. en

Leasú 50

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - mír 4 - fohír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na comhlachtaí comhionannais a measúnú ar an gcás a thaifeadadh i scríbhinn, lena n-áirítear na fíricí agus conclúid réasúnaithe a dhearbhú maidir le hidirdhealú a bheith ann. Cinnfidh na Ballstáit cé acu a dhéanfar é sin trí bhíthin tuairimí neamhcheangailteacha nó trí bhíthin cinntí ceangailteacha infheidhmithe.

scriosta

Or. en

Leasú 51

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 - mír 4 - fohír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Nuair is iomchuí, áireofar ar thuairimí agus ar chinntí bearta sonracha chun aon sárú a aimseofar a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun tuairimí a fhiosrú, amhail oibleagáidí aiseolais, agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

scriosta

Or. en

Leasú 52

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Foilseoidh comhlachtaí comhionannais achoimrí ar a dtuairimí agus ar a gcinntí, gan sonraí pearsanta a nochtadh.

scriosta

Or. en

Leasú 53

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 8 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 8a

Tuairimí agus cinntí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar de chumhacht do chomhlachtaí comhionannais a measúnú ar chás a thaifeadadh i scríbhinn. Mar chuid dá measúnú i scríbhinn, déanfaidh comhlachtaí comhionannais fíricí an cháis a shuí agus tabharfaidh siad conclúid réasúnaithe i dtaobh ar tharla

idirdhealú. Cinnfidh na Ballstáit, i gcomhairle le heintitis eile, amhail na comhpháirtithe sóisialta, an ndéanfaidh na comhlachtaí comhionannais measúnú ar chásanna trí bhíthin tuairimí neamhcheangailteacha nó cinntí ceangailteacha in-fhorfheidhmithe. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir cinntí den sórt sin a achomharc chuig údarás breithiúnach nó riaracháin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.

2. Nuair is iomchuí, áireofar ar thuairimí agus ar chinntí bearta sonracha chun aon sárú a aimseofar a leigheas agus chun tuilleadh tarluithe a chosc. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí ar bun chun obair leantach a dhéanamh ar thuairimí, amhail oibleagáidí aiseolais, agus chun cinntí a fhorfheidhmiú.

3. Foilseoidh comhlachtaí comhionannais achoimrí ar a dtuairimí agus ar a gcinntí, gan sonraí pearsanta a nochtadh. Féadfaidh comhlachtaí comhionannais a bheith in ann tuairimí nó cinntí, nó na hachóimrí orthu sin, a nochtadh i gcás ina bhforáiltear do nochtadh den sórt sin leis an dlí, mar shampla mar phionós i gcásanna idirdhealaithe, agus ar choinníoll go bhfuarthas an duine lena mbaineann na sonraí pearsanta ciontach in idirdhealú.

Or. en

Leasú 54

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) ceart an chomhlachta comhionannais barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte *mar amicus curiae*;

Leasú

(b) ceart an chomhlachta comhionannais barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte;

Leasú 55

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) ceart an chomhlachta comhionannais chun imeachtaí a thionscnamh nó chun páirt a ghlacadh in imeachtaí thar ceann **íospartaigh** amháin nó níos mó nó chun tacú le híospartach amháin nó níos mó; **sa chás sin, beidh cead na n-íospartach ag teastáil.**

Leasú

(c) ceart an chomhlachta comhionannais chun imeachtaí a thionscnamh nó chun páirt a ghlacadh in imeachtaí thar ceann **íospartach** amháin nó níos mó nó chun tacú le híospartach amháin nó níos mó;

Or. en

Leasú 56

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 - mír 2 - fomhír c a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) ceart an chomhlachta comhionannais imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcás ina bhfuil idirdhealú braite aige ach nach saothraíonn aon ghearánach aonair an cás;

Leasú

(ca) ceart an chomhlachta comhionannais imeachtaí cúirte a thionscnamh i gcás ina bhfuil idirdhealú braite aige ach nach saothraíonn aon ghearánach aonair an cás;

Or. en

Leasú 57

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 – mír 2 – pointe c b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(cb) ceart an chomhlachta comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte i gcás ina n-úsáidtear

Leasú

(cb) ceart an chomhlachta comhionannais gníomhú in imeachtaí cúirte i gcás ina n-úsáidtear

comhshásamh.

Or. en

Leasú 58

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 - mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. *Áiritheoidh na Ballstáit, ach amháin i gcásanna dá dtagraítear i mír 2(a) agus (b), nach gcuirfidh an comhlacht comhionannais isteach in imeachtaí cúirte fianaise a fuair sé trí fheidhmiú cumhachtaí de bhun Airteagal 8(3).*

scriosta

Or. en

Leasú 59

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 9 - mír 5**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5. *Áiritheoidh na Ballstáit nach dtionscnófar aon imscrúduithe de bhun Airteagal 8(2) go (4) nó nach leanfar leo fad a bheidh imeachtaí cúirte maidir leis an gcás céanna ar feitheamh.*

scriosta

Or. en

Leasú 60

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 - mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Áiritheoidh na Ballstáit, sna nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8 agus **9**, go gcosnófar go cuí cearta cosanta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann. Áiritheoidh na Ballstáit go **ráthóidh** comhlachtaí comhionannais **rúndacht finnéithe** agus sceithirí, agus a mhéid is féidir, rúndacht **na ngearánach**.

Leasú

Áiritheoidh na Ballstáit, sna nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 6, 7, 8, **9** agus **14**, go gcosnófar go cuí cearta cosanta na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann. Áiritheoidh na Ballstáit go **gcuirfidh** comhlachtaí comhionannais **pointí teagmhála inmheánacha agus cosaint inmheánach ar fáil do** sceithirí, agus **go ráthóidh siad rúndacht a thabhairt d'fhinnéithe agus do sceithirí, agus, a mhéid is féidir, rúndacht a thabhairt do ghearánaigh agus do dhéantóirí ciona líomhnaithe, i gcás inar daoine nádúrtha iad.**

Or. en

Leasú 61

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tá an Treoir seo gan dochar d'inniúlachtaí cigireachtaí saothair nó comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile.

Or. en

Leasú 62

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 10 – mír 1 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Chun cosaint dhlíthiúil níos éifeachtaí a chur ar fáil, tá an Treoir seo gan dochar don dlí náisiúnta, do rialacha náisiúnta, do nósanna imeachta náisiúnta agus don

chleachtas náisiúnta a bhaineann le hionadaíocht agus cosaint ag comhpháirtithe sóisialta os comhair na gcúirteanna, do shásraí comhshásaimh agus do chearta, sainchumais agus inniúlachtaí eile na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-ionadaithe oibrithe agus fostóirí, amhail iad siúd a bhaineann le comhaontuithe comhchoiteanna a fhorfheidhmiú.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh treorach Airteagal 11 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Ráthóidh na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin **comhlachtaí** comhionannais **do chách** ar bhonn comhionann agus áiritheoidh siad nach mbeidh aon bhacainní ar ghearáin a **chur isteach**.

Leasú

1. Ráthóidh na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin **na gcomhlachtaí** comhionannais ar bhonn comhionann **do chách** agus áiritheoidh siad nach mbeidh aon bhacainní ar ghearáin a **thíolacadh, trí oifigí áitiúla a bhunú, lena n-áirítear oifigí soghluaiste, nó trí uirlisí agus ardáin dhigiteacha atá inrochtana agus áisiúil don úsáideoir a bhunú.**

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh treorach Airteagal 11 - mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na comhlachtaí comhionannais a gcuid seirbhísí ar fad saor in aisce do ghearánaigh ar fud a gcríche, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i limistéir iargúlta.

Leasú

2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na comhlachtaí comhionannais a gcuid seirbhísí ar fad, **lena n-áirítear ionadaíocht cúirte**, saor in aisce do ghearánaigh ar fud a gcríche, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i limistéir iargúlta.

Leasú 65

Togra le haghaidh treorach Airteagal 11 - mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Áiritheoidh na Ballstáit inrochtaineacht agus soláthróidh siad cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí uile na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú, lena n-áirítear cúnamh d'íospartaigh, láimhseáil gearán, sásraí le haghaidh réiteach cairdiúil, faisnéis agus foilseacháin, agus gníomhaíochtaí um chosc, um chur chun cinn agus um múscailte feasachta.

Leasú

3. Áiritheoidh na Ballstáit inrochtaineacht, **lena n-áirítear i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882**, agus soláthróidh siad cóiríocht réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas **agus daoine ar de ghrúpaí eile iad atá i mbaol idirdhealaithe, amhail daoine LGBTI**, chun rochtain chomhionann ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí uile na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú, lena n-áirítear cúnamh d'íospartaigh, láimhseáil gearán, sásraí le haghaidh réiteach cairdiúil, faisnéis agus foilseacháin, agus gníomhaíochtaí um chosc, um chur chun cinn agus um múscailte feasachta.

Leasú 66

Togra le haghaidh treorach Airteagal 12 - mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil agus i mBallstáit eile agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Leasú

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear **comhpháirtithe sóisialta agus** eagraíochtaí sochaí sibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, agus **le rialtais áitiúla, agus** i mBallstáit eile

agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh comhlachtaí comhionannais go cothrom leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet).**

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh treorach Airteagal 14 - 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar na sonraí a bhaileofar a dhí-chomhbhailiú de réir na bhforas agus na réimsí a chumhdaítear faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE, agus i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 16. Déanfar na sonraí pearsanta a bhailítear a anaithnidiú agus, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear faoi ainm bréige iad.

Leasú

2. Déanfar na sonraí a bhaileofar a dhí-chomhbhailiú de réir na bhforas agus na réimsí a chumhdaítear faoi Threoir 2006/54/CE agus faoi Threoir 2010/41/AE, agus **idirdhealú iomadúil agus trasnach á chur san áireamh, agus** i gcomhréir leis na táscairí dá dtagraítear in Airteagal 16. Déanfar na sonraí pearsanta a bhailítear a anaithnidiú agus, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, cuirfear faoi ainm bréige iad.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh treorach Airteagal 14 - mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag comhlachtaí comhionannais ar staidreamh a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE

Leasú

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag comhlachtaí comhionannais ar staidreamh a bhaineann leis na cearta agus na hoibleagáidí a dhíorthaítear ó Threoir 2006/54/CE agus ó Threoir 2010/41/AE

arna mbailiú ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear údaráis phoiblí, ceardchumann, cuideachtaí, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, i gcás ina measann siad gur gá staidreamh den sórt sin chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an staid maidir le hidirdhealú sa Bhallstát, agus chun an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 15 a dhréachtú.

arna mbailiú ag eintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear údaráis phoiblí, ceardchumann, cuideachtaí, agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, i gcás ina measann siad gur gá staidreamh den sórt sin chun measúnú foriomlán a dhéanamh ar an staid maidir le hidirdhealú sa Bhallstát, agus chun an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 15 a dhréachtú.

Cuirfear sonraí staidrimh arna mbailiú ag na heintitis phoiblí agus phríobháideacha ar fáil i bhformáid inrochtana ionas gur féidir le comhlachtaí comhionannais iad a úsáid go héasca.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh treorach Airteagal 14 - mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú.

Leasú

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh comhlachtaí comhionannais suirbhéanna neamhspleácha ***agus tuarascúlacha*** a dhéanamh ***agus a choimisiúnú*** maidir le hidirdhealú.

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh treorach Airteagal 15 - mír 1 - pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) tuarascáil a fhoilsiú, ina mbeidh moltaí, gach ceithre bliana ***ar a laghad***, maidir le staid na córa comhionainne agus an idirdhealaithe, lena n-áirítear saincheisteanna struchtúracha féideartha, ina mBallstát.

Leasú

(c) tuarascáil ***neamhspleách*** a fhoilsiú, ina mbeidh moltaí, ***ar a laghad*** gach ceithre bliana, maidir le staid na córa comhionainne agus an idirdhealaithe, lena n-áirítear saincheisteanna struchtúracha féideartha, ina mBallstát.

Leasú 71**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 - mír 1***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, liosta táscairí coiteanna a bhunú chun éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo a thomhas. Agus na táscairí á n-ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún comhairle a lorg ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscene. Cumhdófar sna táscairí sin acmhainní, feidhmiú neamhspleách, gníomhaíochtaí, agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le forbairtí ina sainordú, ina gcumhachtaí nó ina struchtúr, lena n-áiríteofar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhaileofar ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú

1. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, liosta táscairí coiteanna a bhunú chun éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo a thomhas, ***i gcomhar le Equinet agus leas a bhaint as táscairí Equinet***. Agus na táscairí á n-ullmhú aige, féadfaidh an Coimisiún, ***i gcás inarb ábhartha***, comhairle a lorg ***freisin*** ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscene. Cumhdófar sna táscairí sin acmhainní, feidhmiú neamhspleách, gníomhaíochtaí, agus éifeachtacht na gcomhlachtaí comhionannais, chomh maith le forbairtí ina sainordú, ina gcumhachtaí nó ina struchtúr, lena n-áiríteofar inchomparáideacht, oibiachtúlacht agus iontaofacht na sonraí a bhaileofar ar an leibhéal náisiúnta.

Or. en

Leasú 72**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 16 - mír 2***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Faoin **5** bliana i ndiaidh dháta an trasuí], agus gach **5** bliana ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo don Choimisiún, lena n-áirítear sonraí maidir lena héifeachtaí

Leasú

2. Faoin **3** bliana i ndiaidh dháta an trasuí], agus gach **3** bliana ina dhiaidh sin, soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha go léir maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo don Choimisiún, lena n-áirítear sonraí maidir lena héifeachtaí

praiticiúla arna mbailiú ar bhonn na dtáscairí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus go háirithe na tuarascálacha arna ndréachtú ag na comhlachtaí comhionannais faoi **Airteagal 14**, pointe (b) agus pointe (c) á gcur san áireamh.

praiticiúla arna mbailiú ar bhonn na dtáscairí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus go háirithe na tuarascálacha arna ndréachtú ag na comhlachtaí comhionannais faoi **Airteagal 14**, pointe (b) agus pointe (c) á gcur san áireamh.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh treorach Airteagal 16 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus ar shonraí breise ábhartha arna mbailiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó pháirtithe leasmhara, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Insce.

Leasú

3. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtaí praiticiúla na Treorach seo, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus ar shonraí breise ábhartha arna mbailiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe ó pháirtithe leasmhara, ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Insce. ***Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuair sé, ar staid an idirdhealaithe i ngach Ballstát agus tarraingeoidh sé suas clár comhardaithe do gach Ballstát ina ndéanfar tuairisc agus rangú ar an staid maidir le hidirdhealú agus ar a bhfeidhmíocht maidir le bearta frith-idirdhealaithe.***

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh treorach Airteagal 16 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Eiseoidh an Coimisiún moltaí leantacha i gcás ina dtugann sé dá aire, mar chuid dá fhaireachán ar ghníomhaíochtaí frith-idirdhealaithe sna Ballstáit, maidir le forbairtí i mBallstát.

Or. en

Leasú 75

**Togra le haghaidh treorach
Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin **[18 mí]** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Leasú

Cuirfidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin nó na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh i bhfeidhm faoin **[12 mhí]** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is eagraíochtaí poiblí iad comhlachtaí comhionannais náisiúnta a chuireann cóir chomhionann chun cinn i ngach Ballstát den Aontas Eorpach trí chúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe, a ghníomhaíonn agus/nó a dhéanann ionadaíocht ar íospartaigh sa chúirt, a dhéanann suirbhéanna agus fiosrúcháin neamhspleácha, a fhoilsíonn tuarascálacha neamhspleácha, a bhailíonn sonraí, a ardaíonn feasacht agus a dhéanann moltaí maidir le hábhair a bhaineann le hidirdhealú. Tá ceangal dlí orthu é sin a dhéanamh i gcás idirdhealú atá bunaithe ar na forais den idirdhealú a shainítear faoi Airteagal 19 CFAE, lena n-áirítear gnéas, cine agus eitneacht, aois, gnéaschlaonadh, reiligiún nó creideamh, agus míchumas. Éileoidh comhlachtaí comhionannais é sin freisin i gcás idirdhealú iomadúil agus trasnach. Chun éabhlóid na sochaithe a léiriú agus chun a bheith i gcomhréir le cás na Cúirte Breithiúnais, ní féidir raon feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná a theorannú d'idirdhealú ar an mbonn gur de ghnéas amháin nó de ghnéas eile atá duine. Dá bhrí sin, ba cheart idirdhealú iomadúil agus trasnach a chur san áireamh.

Is príomhghníomhaithe iad na comhlachtaí comhionannais san obair fhrith-idirdhealaitheach san Aontas, agus ní mór a gcumas chun cúnaimh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe agus chun an frith-idirdhealú a chur chun cinn san Aontas a neartú agus tacaíocht a thabhairt ina leith. Ní féidir luachanna an Aontais Eorpaigh, agus an comhionannas ina measc, a fhíorú ach amháin má chuirtear i bhfeidhm go cuí iad. Sin é an fáth a bhfuil an treoir seo tábhachtach - cuireann sí le cuspóirí na gConarthaí a chur chun feidhme, ní hamháin go teoiriciúil ach i gcleachtas freisin.

Mar gheall ar na ról ar leith atá acu, bíonn baint ag comhlachtaí comhionannais freisin le cúrsaí a bhaineann leis an ionad oibre. Sa chás áirithe sin, ba cheart go n-urramóidh na comhlachtaí comhionannais uathriail, inniúlachtaí agus sainchumais na gcomhpháirtithe sóisialta, chomh maith le hinniúlachtaí aitheanta na ngníomhaireachtaí rialtais ábhartha uile, lena n-áirítear cigireachtaí saothair, cúirteanna náisiúnta agus/nó binsí reachtúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta.

Is leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch (2000/43/CE) a bunaíodh comhlachtaí comhionannais den chéad uair. Le trí Threoir maidir le comhionannas ina dhiaidh sin, cuireadh na misin chéanna ar iontaoibh comhlachtaí comhionannais ina réimse faoi seach: an Treoir maidir le Comhionannas Inscene i réimse na n-earraí agus seirbhísí (2004/113/CE), an Treoir maidir le Comhionannas Inscene i réimse na fostaíochta (2006/54/CE) agus an Treoir maidir le Comhionannas Inscene i réimse na féinfhostaíochta (2010/41/AE).

In 2018, d'eisigh an Coimisiún Moladh dearfach maidir le caighdeáin cheangailteacha do chomhlachtaí comhionannais inar moladh sraith beart do na Ballstáit chun neamhspleáchas agus éifeachtacht a gcomhlachtaí comhionannais faoi seach a fheabhsú, go háirithe maidir lena gcumas a áirithiú gur féidir le haon duine aonair agus le haon ghrúpa a ndéantar idirdhealú ina gcoinne leas iomlán a bhaint as a gcearta.

In ainneoin na n-iarrachtaí sin, áfach, ní áirithítear acmhainní ná uirlisí leordhóthanacha leis an reachtaíocht atá ann cheana ná le moladh 2018, ná níor éirigh leo timpeallacht oibríochtúil oiriúnach a bhaint amach do chomhlachtaí comhionannais. Níl formhór na saincheistanna a dtugtar aghaidh orthu i moladh 2018 réitithe fós. Ina theannta sin, tá difear suntasach idir na

dálaí maidir le feidhmiú éifeachtach comhlachtaí comhionannais idir na Ballstáit éagsúla. Mar thoradh air sin, tá an leibhéal cosanta ar idirdhealú éagsúil, neamhshiméadrach agus neamhréireach do shaoránaigh san Eoraip. Ní chosnaítear gach duine de réir na gcaighdeán céanna. Ní mór é sin a cheartú go pras, agus ní mór na héagsúlachtaí sna leibhéil chosanta idir grúpaí daoine i mBallstáit éagsúla a dhéanamh trédhearcah.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá gá le híoschaighdeán láidre do chomhlachtaí comhionannais. Is é neamhspleáchas na n-eagraíochtaí sin an bunús atá le comhlachtaí comhionannais dea-fheidhmiúla i stáit dhaonlathacha. Ní mór do chomhlachtaí comhionannais agus dá bhfoireann a bheith saor ó gach cur isteach seachtrach agus ní mór é sin a áirithiú trí úsáid a bhaint as gach coimirce is féidir. Níor cheart do chomhlachtaí comhionannais a bheith ina gcuid d'aireacht, de chomhlacht rialtais eile ná de chomhlacht a ghlacann treoracha ón rialtas riamh, ach ba cheart dóibh a bheith in ann a bheith neamhspleách i ndáiríre ina gcuid gníomhartha. Chuige sin, ba cheart go ráthófar cistiú leormhaith a fhreagraíonn dá réir sin do mhéid agus do chineál chúraimí an chomhlachta comhionannais, chomh maith le conarthaí oibre cobhsaí dá bhfoireann chun obair chomhleanúnach fhadtéarmach fhrith-idirdhealaitheach a áirithiú, rud nach dtarlaíonn go minic. Níor cheart go mbeadh ar chomhlachtaí comhionannais aghaidh a thabhairt riamh ar an gcás aiféala céanna is atá os comhair na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus roinnt gníomhaireachtaí eile mar shampla, eadhon easpa foirne agus acmhainní le hualach oibre agus éilimh taighde atá ag dul i méid i gcónaí.

Tá cumhachtaí dlíthíochta ag comhlacht comhionannais éifeachtach. Faoi láthair, níl sé de cheart ag comhlachtaí comhionannais i roinnt Ballstát de chuid an Aontais gníomhú sa chúirt. Sa bhreis ar chearta na gcomhlachtaí comhionannais chun gníomhú mar pháirtí in imeachtaí, chun barúlacha a chur faoi bhráid na cúirte nó chun imeachtaí a thionscnamh thar ceann íospartach amháin nó níos mó nó chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí sin nó chun tacú leo, ba cheart dóibh a bheith in ann imeachtaí cúirte a thionscnamh ina n-ainm féin nuair nach bhfuil aon ghearánach aonair ag saothrú an cháis é féin, nó gníomhú in imeachtaí cúirte nuair a úsáidtear comhshásamh.

Mar sin féin, ní théann gach cás chun na cúirte i gcónaí ná níor cheart go mbeadh orthu é sin a dhéanamh. Chun díospóidí a réiteach go tapa, ar phraghas réasúnta, lasmuigh den chúirt, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin chun go mbeidh an deis ag páirtithe réiteach malartach díospóidí a lorg ar a ndíospóidí, trí phróiseas idir-réitigh agus idirghabhála a fhéadfaidh an comhlacht comhionannais nó eintiteas tiomnaithe eile atá ann cheana, nach bhfuil nasctha leis an rialtas, a stiúradh.

Tá monatóireacht ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil teachtadh i ndáiríre ag comhlachtaí comhionannais ar na cearta a shanntar dóibh sa reachtaíocht seo. Ní mór don Choimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme, liosta táscairí coiteanna a bhunú le haghaidh monatóireacht. San obair sin, ba cheart don Choimisiún oibriú go dlúth leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil go leor oibre ag na gníomhaireachtaí seachtracha sin cheana féin ar a gcláir oibre agus gur cheart go mbeadh aon chomhar le comhlachtaí comhionannais mar fhorais bhreise do mhéaduithe buiséid. Ní mór don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin ar staid an idirdhealaithe i ngach Ballstát agus moltaí leantacha a eisiúint i gcásanna ina dtugann sé forbairt ar ábhair inní iad in aon cheann de na Ballstáit dá aire.

Mar is amhlaidh i ngach réimse beartais, tá comhar ríthábhachtach. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásraí iomchuí i bhfeidhm ag na comhlachtaí comhionannais chun comhoibriú le comhlachtaí comhionannais eile laistigh den Bhallstát céanna, agus le heintitis ábhartha phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chomh maith le Ballstáit eile agus ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ba cheart an deis a thabhairt do rialtais áitiúla dul i dteagmháil le comhlachtaí comhionannais nuair a fheiceann siad samplaí den idirdhealú ar an leibhéal náisiúnta, beag beann ar cibé acu a tharla nó nár tharla an cás líomhnaithe idirdhealaithe laistigh den cheantar áitiúil áirithe sin. Ba cheart go mbeadh an ceart céanna ag comhlachtaí comhionannais comhoibriú le EIGE, FRA agus Equinet, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta agus cigireachtaí saothair.

Go rómhínic, feictear do shaoránaigh ar fud na mór-roinne seo againne go dtugtar neamhaird ar a gcearta bunúsacha daonna agus nach dtugtar urraim dóibh. Le cabhair ón togra reachtach seo agus ó na híoschaighdeáin a leagtar síos ann, beidh daoine i ngach Ballstát in ann leas a bhaint as leibhéal cosanta neartaithe i gcoinne an idirdhealaithe. Ag an am céanna, ceadáitear do na Ballstáit dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí ná na híoschaighdeáin a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach. Ní féidir linn fanacht a thuilleadh - tá rath na reachtaíochta seo ríthábhachtach chun ár mbunluachanna AE a chaomhnú.